

Athchóiriú ar Litríocht na Gaeilge i dtreo Scannáin

Ciarán Ó Cofaigh

(Tá an páipéar seo as an léacht a tugadh an 22 Feabhra 2014, i gColáiste Lehman, mar chuid den siompóisiam Litríocht agus Meáin Chraolta na Gaeilge a d'eagraigh an Clár Gaeilge de chuid Roinn na dTeangacha agus Litríochtaí. Is Stiúrthóir Bainistíochta é an cainteoir seo ar an gcomhlacht léiriúcháin ROSG atá lonnaithe ar An Spidéal i gConamara.)

Tá go leor cláir éagsúla déanta againn thar na blianta, idir faisnéis, beochan agus drámaíochta, ach inniu mar gheall go bhfuil sibh ag plé “Litríocht agus Meáin Chraolta na Gaeilge,” beidh mé ag díriú ar na drámaí go raibh mé féin ag léiriú, a bhí mar athchóirithe ar ghearrscéalta, úrscéalta nó dánta ón nGaeilge. Tá dhá cheann déag do ghearrscéalta léirithe agam mar athchóirithe leath uair a chloig teilifíse. Agus bhí sé go deis agus onóir agam a bhí mar léiritheoir ar an leagan fad scannáin a dhéanadh mar athchóiriú ar *Chré na Cille*. Ag tosú leis na gearrscannáin, cúig bliana ó shin bhunaigh muid scéim i gcomhar le TG4 le scríbhneoirí agus stiúrthóirí nua a fhorbairt i dtreo drámaíocht teilifíse i nGaeilge. Chomh maith le bheith ag forbairt scéalta agus scannáin as an nua, bhí muid ag iarraidh canóin shaibhir na litríochta Ghaeilge a thabhairt ag an scáileán trí athchóiriú. Ar ndóigh níl in athchóiriú ach athchóiriú. Níl ann ach leagan don bhun saothar.

Creideann muid go bhfuil an athinsint seo ar ár scéalta, ag úsáid scríbhneoireacht nua Ghaeilge i bhfoirm athchóiriú scripte scannáin, in ann léargas spreagúil agus comhaimseartha a thabhairt ar ár n-oidhreacht chultúrtha. Chomh maith leis sin tá tábhacht faoi leith le drámaíocht teilifíse nó scannáin ó thaobh cultúir de. Tugann sé stádas go teanga mar theanga atá comhaimseartha. Sa lá atá inniu ann, tá drámaíocht scáileán mar chuid lárnach go léiriú a thabhairt ar sochaí comhaimseartha agus ós rud é nach bhfuil muid i bhfad ag léiriú na drámaí seo i nGaeilge, tá go leor talamh le baint amach againn, TG4 - beagnach 20 bliain.

Ag an am céanna tá drámaíocht teilifíse an-daor le hais obair eile teilifíse agus is gá dúinn na scéimeanna seo a rith taobh istigh do theorainneacha cuing ó thaobh am agus airgead de. Ó thaobh na scéimeanna gearrscannáin de glacann muid le hiarratais ó scríbhneoirí nua agus as sin déanann muid gearrliosta do na tograí is mó a chreideann muid go bhfuil deis acu dul chun cinn a dhéanamh. Déanfar na tograí sin a fhorbairt. Bíonn na cinní seo bunaithe ar an mbunábhar, ar an tabhairt faoi atá beartaithe agus ar an duine atá taobh thiar don iarratas. Ar ndóigh is réamhriachtanas atá ann do gach rannpháirtí go mbeidís líofa sa Ghaeilge agus in ann páirt a ghlacadh trí Ghaeilge i ngach leibhéal agus céim den scéim.

Déanfar na tograí sin a fhorbairt agus na scríbhneoirí ag obair le heagarthóirí scripte aitheanta gairmiúla i dtreo na scripte a thabhairt go dtí an pointe go bhfuil muid réidh le dul ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile. Níos minice ná a chéile bíonn trí nó ceithre dhréacht i gceist le teacht ag an leibhéal sin. Ag deireadh an tréimhse sin tógtar na stiúrthóirí ar bord agus tosaíonn tréimhse eile forbartha agus an stiúrthóir ag iarraidh a mhúnla féin a chur ar an bpíosa. Chomh maith leis an gcothú agus cur chun cinn ar an scil a bhaineann le hathchóiriú do scáileán, bíonn muid ag forbairt tallann nua i ndreo deiseanna nua léiriúcháin a bhaint amach leis na scileanna atá foghlamtha acu. Tionscadail drámaíochta Gaeilge a chreideann muid go mbeidh tábhacht chultúrtha leo.

Sna sraitheanna nuálach seo bíonn saothar clasaiceach próis na Gaeilge athscríofa don scáileán beag ar bhealach físiúil cruthaitheach. Tugann scríbhneoirí agus stiúrthóirí ár linne léargas úr dúinn ar na mothúcháin chéanna a chuaigh i bhfeidhm ar scríbhneoirí agus ar

léitheoirí thar na blianta agus a théann i bhfeidhm orainne sa lá atá inniu ann. An grá, an streachailt, an cruachás, an dúil agus na gnéithe uile a mbíonn tionchar acu ar an gcine daonna. I measc na mórscríbhneoirí a bhfuil athchóiriú déanta ar a gcuid saothair tá Pádraig Ó Conaire, Pádraig Mac Piarais, Liam Ó Flaithearta, Micheál Ó Conghaile agus Joe Steve Ó Neachtain.

Liosta Gearrscannáin/Dánta athchóirithe faoi na scéimeanna éagsúla

- *Seacht gCéad Uaireadóir* - Bunaithe ar an ngearrscéal *Seacht gCéad Uaireadóir* le Micheál Ó Conghaile
- *An tÁdh* - Bunaithe ar an ngearrscéal *An tÁdh* le Pádraig Ó Conaire
- *Jesus Mary & Mattie* - Bunaithe ar an ngearrscéal *Iosagáin* le Pádraig Mac Piarais
- *Eoinín* - Bunaithe ar an ngearrscéal *Eoghainín na nÉan* le Pádraig Mac Piarais
- *Malartú Intinne* - Bunaithe ar an ngearrscéal *Meisce Bhreallántachta* le Pádraig Ó Siadhail
- *An Buille* - Bunaithe ar an ngearrscéal *An Buille* le Liam Ó Flaithearta
- *An Seabhac* - Bunaithe ar an ngearrscéal *An Seabhac* le Liam Ó Flaithearta
- *Grá mo Chroí* - Bunaithe ar an ngearrscéal *Aiséirí* le Joe Steve Ó Neachtain
- *Eoinín na nÉan* - Bunaithe ar an ngearrscéal *Eoghainín na nÉan* le Pádraig Mac Piarais
- *Páirtnéir* - Bunaithe ar an ngearrscéal *Saineolaí Teicneolaí* le hOrna Ní Choileáin
- *Bás Arto Leary* - Bunaithe ar an dán *Caoineadh Airt Uí Laoghair* le hEibhlín Dubh NíChonaill
- *An Gadaí* - Bunaithe ar an ngearrscéal *An Gadaí* le Pádraig Mac Piarais
- *An Chúirt* - Bunaithe ar an dán *Cúirt an Mheán Oíche* le Brian Merriman

Athchóiriú

Agus na gearrscéalta seo thuas a chóiriú leis an meán seo, níl aon ghá a bheith iomlán dílis don bhun saothar. Chomh fada agus go gcoinnítear leis an spiorad, téama agus an bhunscéal.

- Agus tú i mbun cóiriú ba chóir duit cothromaíocht a bhaint amach idir spiorad an bhunscéal a choinneáil agus rud éigin nua a chruthú.
- Sa litríocht, úsáidtear focail le scéal a insint, carachtair a chur i láthair-- smaointe, mothúcháin, cuimhní, mianta & eile-- agus le smaointe agus téamaí a chur in iúl.

- Le scannán / drámaíocht tá tú ag taispeáint íomhánna atá ag léiriú carachtair go físiúil. Ní cóir a bheith ag brath an iomarca ar ‘dialogue’ le scéal a chur in iúl. Ba chóir go mbeadh an ‘dialogue’ ar nós an cheoil, ag tacú leis na pictiúir. Is fadhb é seo d’Éireannaigh mar gheall gur bhreá linn a bheith ag caint agus tá sé do chlaonadh ionainn a bheith ag úsáid an iomarca ‘dialogue’.
- Is é an príomhdhualgas atá ort ná a bheith ag freastal ar an lucht féachana. Thar aon rud eile caitheadh an píosa oibriú mar script drámaíochta agus ní mar ghearrscéal le léirithe.

Ag freastal ar lucht féachana scannáin agus teilifíse

Don chuid is mó tá úrscéalta agus gearrscéalta dírithe ar mhargadh nó dream faoi leith. Tá an margadh nó lucht féachana níos ginearálta don drámaíocht teilifíse agus scannáin (mass audience). Ar mhaithe leis an aistriú a dhéanamh ón mbunsaothar go dtí an t-athchóiriú tá ort an t-ábhar a dhéanamh feiliúnach do lucht féachana níos ginearálta. Fiú i gcás tograí ar nós *Cré na Cille* atá feicthe mar scannán ‘Arthouse’ rinne muid iarracht é a dhéanamh níos intuigthe nó níos éasca a leanúint ná an bunleagan. Ach beidh mé á phlé sin níos deireanaí. Don chóiriú ba chóir díriú ar threoir mar seo.

- Aimsigh an líne lárnach don scéal agus déan cinnte go bhfuil sé coinnithe soiléir agus ag gluaiseacht ó thús deireadh.
- Go hiondúil ní bheidh an deis ag an lucht féachana stopadh agus dul siar roinnt leathanaigh agus rud éigin a sheiceáil.
- Déan cinnte go bhfuil an phríomhcharachtar le haithint, tarraingteach, intuigthe (ó thaobh an cineál duine atá ann) agus suimiúil.
- Tá sé tábhachtach go n-éiríonn leis an bpríomhcharachtar an dúshlán atá rompu a shárú nó a bhaint amach agus mura mbaineann go bhfuil rud éigin foghlamtha aige/aici agus go bhfuil forbairt déanta ar an gcarachtar.
- Má tá an deireadh gruama déan iarracht eilimint dhearfach a bheith ann ó thaobh cothromaíocht de. Braithéann sé seo ar an lucht féachana ar ndóigh agus tá difríochtaí idir cultúir éagsúla. Sna Stáit Aontaithe tá claonadh i dtreo deireadh dearfach nó ‘happy ending’ mar a deirtear. In Éirinn is maith linn meascán don dá rud. Sampla: Má fhaigheann an príomhcharachtar bás tá sé níos fearr nach mbeadh an lucht féachana fágtha brónach leo féin. Má tá carachtar eile a théann ar aghaidh sa scéal nó leis an gcúis a bhí ag an phríomhcharachtar tá ábhar dóchais ann.

Na dúshláin atá le sárú agus tú i mbun athchóiriú - scéalaíocht liteartha agus scéalaíocht don scáileán

Is próiseas inmheánach é an léitheoireacht. Is féidir breathnú siar, a bheith ag coimriú ar an mhéid atá léite agat, rudaí a léamh arís agus sult a bhaint as an scríbhneoireacht/foclaíocht féin neamhspleách ar an scéal. Gluaiseann scannán ar bhealach níos líní, níl an smacht céanna ag an té atá breathnú ar scannán. San úrscéal nó gearrscéal tá an scéal a insint agus tá na téamaí nó smaointe a léiriú agus a phlé i bhfoirm fhocail. Níos minice ná a chéile tá na téamaí seo chomh tábhachtach leis an scéal agus is féidir leis an scéal a bheith curtha do leataobh agus an téama nó na téamaí á iniúchadh. Sna scannáin tá an téama / na téamaí tábhachtach ach tá tús áite tugtha don scéal. Bíonn ort na téamaí a chur in iúl trí na carachtair agus na rudaí a dhéanann nó a deir siad. Tá an scannán níos sciobtha agus ba chóir go

gcuireadh sé eolas in iúl maidir le scéal, carachtar, suíomh, smaointe, íomhánna agus stíl uile go léir ag an am céanna.

An Scéalaí

Go minic tá an scéalaí san úrscéal i ngreim láimhe orainn agus iad ag míniú dúinn céard atá ag tarlú agus an bhrí atá leis na heachtraí. Tá sé nó sí ag tabhairt an teachtaireacht dúinn. Amanna, tá sé seo déanta ag ceann do na carachtair sa scéal - feiceann muid rudaí óna dtaobh siúd agus go minic óna ndearca siúd. Tá sé seo tábhachtach ó thaobh an t-athchóiriú de. Agus tú i mbun athchóiriú bíonn ort an ‘Point of View’ (POV) seo a aimsiú agus san úrscéal nó gearrscéal ní gá go dtagann sé seo ón bpríomhcharachtar.

Sa litríocht tá an scéalaí in ann bogadh ó intinn carachtar amháin go carachtar eile ag tabhairt mioneolas dúinn ar mhothúcháin agus na cúiseanna atá acu na rudaí a dhéanann siad a dhéanamh. Sa scannán, tá an té atá ag breathnú ag feiceáil eachtraí ag tarlú go hoibiachtúil gan treoraí le rudaí a mhíniú dó. Fiú má tá thar guthú ann atá ag tabhairt dearc faoi leith dúinn (POV), ní gá go mbeimis muiníneach as, mar a shampla, *The Usual Suspects*, *Fight Club*, *A Beautiful Mind*, *Memento*. Níos minice ná a chéile cliseann ar scannán a dhéanann iarracht an tuiscint inmheánach seo atá le fáil sa litríocht, a thabhairt dúinn i bhfoirm scannán.

Guthú

Amanna, le hathchóiriú, úsáidtear thar ghuthú le bheith dílis don scéalaí a bhí sa mbunscéal. Tá amanna ann go n-oibríonn thar ghuthú i scannán ach go minic tá sé úsáidte san athchóiriú ar mhaithe le blas liteartha a thabhairt don phíosa, nó eolas a thabhairt go bhféadfaí a léiriú ar bhealach físiúil, drámatúil atá mar chuid do ghluaiseacht an scéil. Cé go bhfuil eisceachtaí ann feictear thar ghuthú mar bhealach leisciúil le scéal a léiriú i bhfoirm scannán. Le POV nó dearc a chur in iúl le scannán, is gá díriú ar charachtar faoi leith agus an scéal a bheith á insint óna dearc siúd nó POV ginearálta oibiachtúil.

An Aimsir Chaite agus Láithreach

Tá an chuid is mó don litríocht scríofa san aimsir chaite. “Chuaigh sí, dúirt sé,” tá an t-am solúbtha ag bogadh idir an aimsir láithreach, caite agus amanna an todhchaí.

Sna scannáin, bheadh ‘flashbacks’ in úsáid an t-am ar fad le hé seo a bhaint amach agus chuireadh sé isteach ar ghluaiseacht an scéil. Tarlaíonn scannán san aimsir láithreach don chuid is mó, ag gluaiseacht ar aghaidh in am. Ba chóir go mbeadh an lucht féachana san áit chéanna leis na carachtair, gan fhios againn céard é an chéad rud eile a tharlódh.

Ag aimsiú an scéal san athchóiriú

Ginearálta

- Le húrscéal gearr amach rud ar bith nach bhfuil drámatúil.
- Is féidir an t-ábhar a ghiortú nó a fhorbairt - is féidir na fophlotaí a chailleadh, is féidir carachtair a chailleadh nó a nascadh le chéile; fág amach cuid do na téamaí.
- Aimsigh tús, lár agus deireadh líne don scéal atá drámatúil.
- Le gearrscéal, is minic go mbeifeá ag cur leis an mbunscéal. Beidh níos lú carachtair ann. Ní bheidh mórán fophlotaí i gceist.
- Go minic tá líne an scéil i bhfolach taobh thiar do charachtracht, téamaí, eolas agus míniúcháin.

Treoir agus doimhneacht - dhá rud a dhéanann scannán maith

- Ba chóir go bogadh radhairc an scéal ar aghaidh. Má dhéanann, tá treoir ag an scannán.
- Ag an am céanna tá an scéal ag léiriú na gcarachtar agus ag forbairt na téamaí. Tugann sé seo doimhneacht dó.
- Ag brath ar an gcineál obair atá i gceist is gá go mbeadh cothromaíocht idir an dá rud seo. Tá difríochtaí idir scannán agus teilifís, nó scannán ‘Arthouse’ agus scannán atá dírithe ar mhargadh ghinearálta. Beidh tionchar ag cultúr na tíre ar seo freisin.
- Is é an cleas ná go mbeadh an dóthain gluaiseacht le haird an lucht féachana a choinneáil go dtí an deireadh, ach an dóthain doimhneacht le go mbeadh sé fiúntach mar thaithí.
- Má tá an iomarca plé ar théamaí agus teachtaireachtaí, beidh an scannán ‘cainteach’ agus statach. Agus ní bheidh sé taitneamhach mar scannán.

Aimsigh an Téama

Noda ón mbunscéal:

- Ráitis díreach ón scéalaí.
- Eolas ón gcaint (Dialogue) – tagairtí faoi charachtair eile agus an bealach go n-iompraíonn siad iad féin.
- Roghanna a dhéanann na carachtair.
- Roghanna a dhéanann anscríbhneoir.
- Na híomhánna atá sa gcur síos; tionscail trom, salachar, contúirt (*Days of Heaven*).

Tar éis an téama a roghnú is gá é a léiriú trí na roghanna agus gníomhartha a dhéanann na carachtair lárnacha. Ní roghanna inmheánacha, pearsanta ach roghanna a chruthaíonn coimhlint le daoine eile.

Aimsigh an Choimhlint

I ngearrscéal is féidir leis seo a bheith deacair. Amanna i ngearrscéal tá an scéal ceangailte le mothúcháin nó smaointe inmheánacha an príomhcharachtar maidir le heachtra amháin atá lárnach sa scéal. Sa gcás seo bheadh ort an choimhlint a chruthú ón scéal san athchóiriú.

- Aimsigh aon choimhlint bíodh sé beag, nó fiú tugtha le fios neamhspleách ar an mbunscéal.
- Aimsigh na mothúcháin lárnacha sa scéal. Níos minice ná a chéile, beidh siad ceangailte le coimhlint. (má tá faitíos ar charachtar is dócha go bhfuil faitíos ar roimh dhuine éigin).

Aimsigh an Scéal

- Cuardaigh dúshlán atá le sárú ag an gcarachtar, fadhb atá le réiteach nó rud gur gá dó foghlaim/forbairt le déanamh.
- Le dúshlán atá soiléir (mar shampla, scéal bleachtairachta), tá sé éasca go maith an tús, lár agus deireadh a aimsiú.

- An fhadhb atá le réiteach (an tús).
- Na rudaí gur gá a dhéanamh le hé a bhaint amach (lár).

An toradh atá ar an turas. Bíodh an dúshlán sáraithe nó ná bíodh, beidh forbairt déanta ar an gcarachtar / beidh rudaí foghlamtha aige nó aici (deireadh).

Carachtair

An Príomhcharachtar

- Agus tú i mbun an athchóirithe, aimsigh an príomhcharachtar; ní gá gurb é an scéalaí atá ann.
- Déan cinnte go bhfuil sé soiléir gurb é an príomhcharachtar.
- Ba chóir go mbeidís ag brú an scéal ar aghaidh.
- Is fearr go mbeidís tarraingteach agus go mbeadh an lucht féachana báúil leo. Mura bhfuil bí cinnte go bhfuil na tréithe seo ag na carachtair atá ag tacú leo. Tá sé fíor thábhachtach go mbeadh a fhios ag an lucht féachana cé leis atá siad ag tacú.
- Má tá scéalaí nó duine atá ag treorú eolas ag an lucht féachana ach nach bhfuil mar an príomhcharachtar, tá sé níos fearr má tá siad ag tacú leis agus iad ceangailte go lárnach leis an scéal.

Dearadh Carachtair

- Le hais úrscéal nó gearrscéal ní féidir leat mórán carachtair a úsáid le scéal a insint i scannán.
- Mura bhfuil carachtair gníomhach agus cinnte iontu féin sa mbunscéal beidh sé deacair scannán láidir a bhaint as.
- Ba chóir go mbeadh rud éigin ag chuile charachtar le cur leis an scéal agus é a bhogadh ar aghaidh. Mura bhfuil, níl aon áit san athchóiriú dóibh.
- Nuair atá tú ag coinneáil nó ag gearradh carachtair, coinnigh na cinn atá drámatúil nó atá ag cruthú coimhlint le daoine sa scéal.
- Is féidir carachtair éagsúla ón mbunleagan a tharraingt le chéile le carachtar amháin a dhéanamh.
- Ba chóir go mbeadh na carachtair uile go léir ag tabhairt níos mó eolas dúinn ar an bpríomhcharachtar agus an téama ach ag an am céanna ba chóir go mbeidís ag gluaiseacht an scéal ar aghaidh.
- Tugann na carachtair imeallacha dath, eolas, comhthéacs agus greann dúinn. Tá siad úsáideach ó thaobh cur i láthair an scéil agus eolas a thabhairt dúinn ar an bpríomhcharachtar. Go minic, tá ról faoi leith acu ó thaobh pointí don scéal a bhrú ar aghaidh.

Eoinín na nÉan

Bunaithe ar an ngearrscéal *Eoghainín na nÉan*
le Pádraig Mac Piarais

Gearrscéal atá faoi bhuachaill óg atá ag fáil bháis ón eitinn. Cé go raibh muid ag díriú ar athchóiriú comhaimseartha a dhéanamh don scéal bhí muid ag iarraidh na téamaí a bhain leis an mbunleagan a thabhairt linn. Caillteanas, saoirse, contúirt, bás éin, agus a leithéidí. San athchóiriú seo, tá Eoinín mar ealaíontóir graifítí ag iarraidh a bheith saor ó na lainsí a

bhaineann leis an ngnáth sochaí. Níl uaidh ach a chuid ealaíon a chleachtadh, ach tá brú air óna pháirtí Sadie agus óna mháthair, a bheith “réalaíoch” agus a cheird a chleachtadh ar bhealach gairmiúil. Ar ndóigh tá go leor constaicí roimhe agus tá contúirt sa gcomhlúadar a choinníonn sé.

Páirtneir

Bunaithe ar an ngearrscéal *Saineolaí Teicneolaí*
le Orna Ní Choileáin

Is gearrscéal comhaimseartha é seo agus é ag plé le slándáil an nuatheicneolaíocht agus an taobh paranóia agus dorchá a bhaineann leis. Tá an carachtar lárnach, Ultan, mar ríomhchláraitheoir agus é i mbun gnóthaí lena athair. Tá fadhbanna intinne ag Ultan ó cailleadh a mháthair i dtimpiste carr áit go raibh sé féin ag tiomáint. Ag cur leis seo tá brú airgead ar an gcomhlacht, agus tá comhlacht eile ag iarraidh iad a cheannach. Tarlaíonn sé go bhfuil sean aithne ag athair Ultan ar Jones, úinéir an comhlacht seo agus go bhfuil níos mó stair ann ná go bhfuil sé ag ligean ar féin.

An tÁdh

Bunaithe ar an ngearrscéal *An tÁdh*
le Pádraig Ó Conaire

I gcás An tÁdh bhí an scríbhneoir ag iarraidh fanacht dílis don bhunscéal agus gan mórán athraithe a dhéanamh ar an struchtúr. Ar ndóigh bhí uirthi é a lonnú san am atá anois ann agus go mbeadh sé mar scéal comhaimseartha. Seachas sin, is iad na dúshláin agus constaicí céanna atá roimh na carachtair. Tarlaíonn sé seo go minic leis na scéalta is láidre i mo thuairim agus tá roinnt gearrscéalta ann atá an-fhísiúil fiú sa mbunleagan roimh an athchóiriú.

Grá mo Chroí

Bunaithe ar an ngearrscéal *Aiséirí*
le Joe Steve Ó Neachtain (*Cloch Mhóin*)

Bás Arto Leary

Bunaithe ar an dán *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*
le Eibhlín Dubh Ní Chonaill

Is dúshlán faoi leith a bhí leis an athchóiriú seo agus muid ag iarraidh ceann do na dánta mór le rá Gaelacha a chur i bhfoirm scannán comhaimseartha. Ar mhaithe leis na buntéamaí a choinneáil, shocraigh muid é a lonnú i gceantar bocht cathrach, áit go raibh cultúr na gcapall ann go smior, mar a bhíonn go minic in Éirinn. Mar gheall go mbeadh sé le tuiscint ag an té go raibh beagán eolas acu ar an mbunsaothar go bhfaigheadh Arto bás, shocraigh muid é a thabhairt mar theidil ar an bpíosa. Chomh maith leis sin bhí muid ag iarraidh beagán spraoi a bheith againn idir na teidil Airt Uí Laoghaire agus Arto Leary. Sa mbunsaothar, is í Eibhlín Dubh atá ag insint scéal Airt a fear céile, ach don athchóiriú bheartaigh muid díriú ar scéal Eibhlín agus an mhéid a tharla di théis do Morris a fear a mharú.

Cré na Cille / Athchóiriú

Maith go leor, déan dearmad ar gach rud atá ráite agam go dtí seo! Is Dúshlán faoi leith a bhí i gceist agus muid ag déanamh iarrachta athchóiriú a dhéanamh ar Chré na Cille. Tá a fhios ag an saol go bhfuil an t-úrscéal seo feicthe mar cheann do na leabhair comhaimseartha is tábhachtaí, nó an leabhar comhaimseartha is tábhachtaí i saol na Gaeilge. B'fhéidir go bhfuil roinnt rudaí fiúntacha bainte amach agam mar léiritheoir scannáin is teilifíse ach is cinnte nach bhfuil mé an-acadúil mar dhuine agus mé mar mhac léinn. Ar nós sibh féin, rinne mé staidéar ar Chré na Cille san ollscoil, agus fuair mé deacair é. Ní hamháin an saibhreas a bhain leis an nGaeilge a bhí ann ach freisin a bheith in ann caint na carachtair a aithint óna chéile.

Ar ndóigh is fiú an trioblóid don tairbhe atá le baint as an leabhar agus níl aon cheist ach gur obair fhíorthábhachtach atá i gceist leis an leabhar. Ní hamháin sin ach dúinne atá tugtha don Ghaeilge, is fathach cultúrtha atá in Ó Cadhain agus tá muid uile go léir faoina scáth. Duine go raibh agus go bhfuil tionchar mór millteach ag a chuid tuairimí polaitiúla ó thaobh na Gaeilge agus na Gaeltachta ormsa agus ar mo chuid comhghleacaithe. Mar sin, athchóiriú a dhéanamh ar Chré na Cille, “Sacred Cow” na Gaeilge... “No Pressure” mar a deir na Béarlóirí!

Thar aon rud eile bhí sé tábhachtach dúinn go mbeadh an saibhreas cainte agus an greann atá sa leabhar á léiriú do na daoine nach raibh an deis acu an leabhar a léamh. Freisin bhí muid in ann an scéal a dhéanamh níos sothuigthe agus níos éasca a leanúint mar gheall go raibh muid á léiriú go físiúil ar scáthláin, le guthanna agus éadain ag léiriú na heachtra agus na mothúcháin a bhí taobh thiar don saibhreas cainte céanna. Bhí sé seo indéanta mar gheall ar an gcliar iontach a bhí againn, ach go háirithe Bríd Ní Neachtain atá i bpáirt Cairtriona Pháidín.

Bhí go leor don bhunobair déanta ag Macdara Ó Fátharta a bhí tar éis an scéil a athchóiriú don stáitse, agus is chuig Macdara a chuaigh muid agus muid ag forbairt an script i dtreo an leagain scannán. Chomh maith le bheith ag iarraidh croí an scéil a chur i láthair do lucht féachana ginearálta, bhí sé do dhualgaís orainn an t-athchóiriú a dhéanamh físiúil. Shocraigh muid tosú le bás Chaitríona Pháidín os cionn talamh, agus na carachtair lárnacha sa scéal a chur i láthair sula mbeidís le feiceáil sa domhan eile. Úsáideann muid Amhrán Mhuínse mar chúlra agus muid ag feiceáil na stadanna éagsúla don tórramh agus sochraide.

Tá míreanna sa leabhar áit go gcloiseann muid guth Stoc na Cille idir chuile thréimhse éagsúil, agus tar éis na míreanna seo faigheann duine eile bás agus tagann siad go dtí an 'liombó' ina bhfuil Cairtriona Pháidín agus na daoine eile. I ndáiríre ní raibh a fhios againn cén chaoi leis na míreanna seo a léiriú go físiúil mar tá siad an-teibí mar phíosáí agus ní raibh a fhios againn cén brí a bhí leo. Shocraigh muid dul os cionn talamh agus na daoine a fheiceáil ag fáil bháis sular tháinig siad síos chuig an domhan eile. Téann muid os cionn talamh go minic sa scannán ar mhaithe le hathrú suíomh agus briseadh a thabhairt ón domhan faoi thalamh áit a bhfuil an scéal ag tarlú. Má tá tagairt á dhéanamh d'eachtra a tharla os cionn talamh feiceann muid é go físiúil.

Luaigh mé saibhreas cainte agus greann níos luaithe agus ar ndóigh tá Peadar Ó Treasaigh agus Peadar Lamb iontach sna páirteanna agus cuireann siad go mór leis mar a chuireann an cliar iomlán. Tá Joe Steve Ó Neachtain i bpáirt Tom Rua agus é á gceistiú ag Cairtriona Pháidín. Ar ndóigh tá Tom Rua ag ligean ar féin nach bhfuil a fhios aige mórán agus, cé go bhfuil sé deacair aige, éiríonn leis gan mórán a rá. Arís, aisteoireacht don scoth. Táthar ann a deir gurb iad seo an ghlúin dheireanach aisteoirí go bhféadfadh an scannán seo a dhéanamh i gceart mar gheall ar an saibhreas Ghaeilge atá i gceist leis an leabhar.

Le críochnú níl le rá agam ach gur mór an trua nach bhfuil níos mó athchóirithe déanta ar mhórshaothair na Gaeilge ó thaobh na litríochta de. Tá roinnt léirithe agam féin

agus déanfaidh mé chuile iarracht níos mó a dhéanamh. Tá mé buíoch de Thomáis Ó h-Íde agus Coláiste Lehman don deis a tugadh dom labhairt libh agus an taithí atá agam ó thaobh athchóiriú de a roinnt libh. Go raibh míle maith agaibh.

~ ROSG
eolas@rosq.ie

An tÚll Mór © 2014